Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15746/22**

**AGRI 700**
**AGRIFIN 145**
**FIN 1316**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15110/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The Commission's response to fraud in the Common Agricultural Policy: Time to dig deeper* [Freagairt an Choimisiúin ar chalaois sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Tá sé in am tochailt níos doimhne]<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2022 ón gCúirt dar teideal The Commission's response to fraud in the Common Agricultural Policy: Time to dig deeper [Freagairt an Choimisiúin ar chalaois sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Tá sé in am tochailt níos doimhne]*

a ghlac an Chomhairle ag an 3921ú cruinniú a bhí aici, an 12 Nollaig 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**
***The Commission's response to fraud in the Common Agricultural Policy: Time to dig deeper* *[Freagairt an Choimisiúin ar chalaois sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Tá sé in am tochailt níos doimhne]***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2022 ón gCúirt dar teideal *The Commission's response to fraud in the Common Agricultural Policy: Time to dig deeper* [Freagairt an Choimisiúin ar chalaois sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Tá sé in am tochailt níos doimhne], inar ndearnadh measúnú an bhfuil gníomhaíocht iomchuí déanta ag an gCoimisiún maidir le calaois i gcaiteachas CBT;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún chun léargas níos doimhne a fháil ar rioscaí agus bearta calaoise i gcaiteachas CBT, agus an léargas sin a chomhroinnt, agus chun úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun calaois i gcaiteachas CBT a chosc agus a bhrath, rud a nglacann an Coimisiún leis;

3. MEABHRAÍTEAR DI go gcuireann an Coimisiún an buiséad chun feidhme faoin mbainistíocht chomhroinnte agus go gceanglaítear ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach agus i gcomhréir le rialacha an Aontais, lena n-áirítear córais a bheith i bhfeidhm chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú; dá bhrí sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá an t-ualach airgeadais agus riaracháin a chur san áireamh agus nach mór speansais bhuiséadacha náisiúnta a bheith comhréireach i gcónaí leis an riosca a sainaithníodh do chistí an Aontais;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil tionchar airgeadais na neamhrialtachtaí calaoiseacha tuairiscithe maidir le CBT íseal go ginearálta agus nach táscairí díreacha iad líon na neamhrialtachtaí agus na méideanna gaolmhara ar an méid calaoise a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go n-oibríonn na Ballstáit go dian chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac;

5. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an t-idirdhealú idir calaois bhunaithe agus neamhrialtachtaí calaoiseacha amhrasta agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach féidir ach le comhlachtaí atá inniúil chun cásanna den sórt sin a imscrúdú neamhrialtachtaí calaoiseacha amhrasta a imscrúdú;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI measúnú dearfach na Cúirte ar ról an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe (IACS) agus an Chórais Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh (LPIS) maidir le leibhéil earráide a chosc agus a laghdú;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach ionann ‘grabáil talún’ agus fadhb a bhaineann go dlúth le mí-úsáid laigí i reachtaíocht CBT agus go bhféadfaí í a nascadh le heasnaimh i gcórais dlí, le maoirseacht agus le cosaint chearta an duine aonair sna Ballstáit, ar cheart aghaidh a thabhairt uirthi faoi chur chuige ginearálta an smachta reachta;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí a chuir an Coimisiún chun feidhme chun tacú leis na Ballstáit agus teicneolaíochtaí nua, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim freisin á n-úsáid acu chun calaois a chosc agus a bhrath;

9. TACAÍONN SÍ leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh feasacht na mBallstát a ardú ar shaincheisteanna a bhaineann le calaois, ar an treoir a thugtar do na comhlachtaí deimhniúcháin maidir lena róil i measúnú straitéisí frithchalaoise na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus ar scaipeadh dea-chleachtas i measc na mBallstát;

10. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart coimhdeacht iomlán a bheith ag na Ballstáit, ó 2023 ar aghaidh, maidir lena gcórais rialaithe agus pionóis a cheapadh i gcomhréir le coincheap na Samhla Nua Seachadta agus leis an gcreat dlíthiúil do CBT nua 2023-27.